An tAcht um Theanntáil Feithiclí 2015

An Nós Imeachta Achomhairc

Aibreán 2019

1. Réamhrá

Foráiltear leis an Acht um Theanntáil Feithiclí 2015 um rialáil theanntáil feithiclí ar fud an Stáit ag an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA). I measc na n-ábhar atá cuimsithe san Acht tá bunú Nós Imeachta Achomhairc (nó Nós Imeachta) chun cinneadh a dhéanamh i leith achomharc ag daoine a ndearnadh a gcuid feithiclí a theanntáil nó a aistriú.

Tá an Nós Imeachta seo curtha i bhfeidhm ag an NTA i gcomhréir leis an Acht agus ceanglaítear ar gach rialaitheoir páirceála cloí go hiomlán le forálacha an Nós Imeachta.

Níl aon táille le híoc ag aon duine ar mian leo achomharc a lóisteáil i gcomhréir leis an Nós Imeachta Achomhairc seo.

Maidir le duine a ndearnadh a bhfeithicil a theanntáil in áit teanntála nó a aistriú laistigh d'áit teanntála nó uaithi, féadfaidh siad achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh an fheithicil a theanntáil nó a aistriú.

Tá nós imeachta dhá-chéime um achomhairc i bhfeidhm; déanann an t-achomharcóir achomharc tosaigh don rialaitheoir páirceála agus, mura bhfuil siad sásta le toradh an achomhairc, féadfaidh siad achomharc eile a dhéanamh don Oifigeach um Achomhairc Teanntála, ar duine iad a cheapann an NTA chun plé le hachomhairc teanntála. Féadfar cinneadh a dhéanamh i leith achomhairc ag aon Oifigeach Achomhairc Teanntála amháin nó ag beirt Oifigeach Achomhairc Teanntála nó níos mó.

2. Gluais Téarmaí

Ciallaíonn "An tAcht" an tAcht um Theanntáil Feithiclí 2015;

ciallaíonn "teanntán" fearas nó gléas atá deartha nó curtha in oiriúint do ghreamú le feithicil chun í a choimeád ó bheith tiománaithe nó a chur ag gluaiseacht ar bhealach eile;

ciallaíonn "teanntáil" teanntán a ghreamú le feithicil páirceáilte;

ciallaíonn "gníomhaíochtaí teanntála" teanntáil, teanntán a bhaint d'fheithicil, feithicil a aistriú agus muirir a ghearradh;

ciallaíonn "fógra teanntála" fógra atá feistithe le feithicil i gcomhréir le halt 13 den Acht;

ciallaíonn "áit teanntála" áit reachtúil um theanntáil nó áit neamhreachtúil um theanntáil nó an dá rud, cibé acu a d'fhéadfadh a bheith amhlaidh;

ciallaíonn "rialaitheoir páirceála", maidir le háit teanntála, an duine atá freagrach, maidir leis an áit teanntála sin, as forfheidhmiú an dlí nó na rialacha is infheidhme do pháirceáil san áit sin, ach ní áirítear leis ball den Gharda Síochána nó maor tráchta atá údaraithe maidir leis sin; agus

ciallaíonn "muirear ábhartha" muirear as scaoileadh teanntáin nó muirear aistrithe nó an dá cheann.

Sa cháipéis seo, áit a n-úsáidtear forainm fireann d'fhéadfadh go dtagródh sé don fhorainm baineann chomh maith agus vice versa, cibé acu a d'fhéadfadh a bheith amhlaidh. Ar an gcaoi chéanna féadfaidh ainmfhocal uatha tagairt don uimhir iolra freisin.

3. Achomhairc don Rialaitheoir Páirceála (Achomhairc Céad-Chéime)

3. 1. Réamhrá

Maidir le haon duine ar mian leo achomharc a dhéanamh i gcoinne eachtra teanntála ar tugadh fúithi i dtaobh feithicle leis nó léi agus faoina smacht ní mór dó nó di achomharc a dhéanamh, ar an gcéad dul síos, don rialaitheoir páirceála a rinne an fheithicil a theanntáil. Tugtar sonraí faoi nós imeachta achomhairc an rialaitheoir páirceála (lena n-áirítear seoladh comhfhreagrais an rialaitheoir páirceála) ar an bhfógra teanntála agus bíonn siad ar fáil ón rialaitheoir páirceála. Cabhróidh an NTA le duine ar bith a dteastaíonn eolas uathu faoi conas teagmháil a dhéanamh le rialaitheoir páirceála maidir leis an Nós Imeachta seo.

3.2 Achomharc Céad Chéime don Rialaitheoir Páirceála

Tar éis iarratas a dhéanamh do rialaitheoir páirceála, cuirfidh siad ar fáil saor in aisce foirm phriontáilte de na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun achomharc a dhéanamh do dhuine ar bith a ndearnadh a bhfeithicil a theanntáil in áit teanntála nó a aistriú laistigh d'áit teanntála nó uaithi.

Maidir leis an achomharc ní mór –

- Go mbeadh sé i scríobh agus bheith seolta, curtha de lámh chuig seoladh an rialaitheoir páirceála nó seolta trí ríomhphost nó curtha isteach ar bhealach leictreonach eile chuig an rialaitheoir páirceála;
- Go mbeadh sé curtha isteach tráth nach déanaí ná 60 lá ón dáta ar ar tharla an teanntáil a bhfuil achomharc á dhéanamh ina coinne;
- Go dtabharfaí ann ainm, seoladh poist iomlán, seoladh ríomhphoist (más ann dó) agus uimhir ghutháin an duine atá ag déanamh an achomhairc;
- Go sonrófaí ann uimhir chlárúcháin na feithicle atá i gceist;
- Go n-áireofaí ann dáta an eachtra teanntála;
- Go dtabharfaí ann tuairisc leordhóthanach ar an áit inar tharla an teanntáil;
- Go sonrófaí go soiléir ann na cúiseanna leis an achomharc; agus
- Go n-áireofaí leis aon cháipéisí (e.g. ráitis ag finnéithe, grianghraif, taifeadtaí físeáin, ticéid nó fáltais pháirceála, teastas dochtúra, léarscáileanna, pleananna) a mheastar a bheith ábhartha ag an duine atá ag déanamh an achomhairc. Níor cheart don achomharcóir ach cóipeanna de na cáipéisí sin a chur isteach mar d'fhéadfadh nach bhfillfí na cáipéisí. Ní mór don achomharcóir gach buncháipéis a choimeád.

3.3 Cinneadh ag an Rialaitheoir Páirceála

Déanfaidh an rialaitheoir páirceála an t-ábhar a mheas, déanfaidh sé cinneadh agus eiseoidh sé dearbhú scríofa air sin don achomharcóir laistigh de 21 lá ón achomharc a fháil.

Féadfaidh an rialaitheoir páirceála ceann amháin de na cinntí seo a leanas a dhéanamh –

- Ceadaítear an t-achomharc agus aisghairtear an cinneadh an fheithicil a theanntáil nó a aistriú;
- Ní cheadaítear an t-achomharc; nó
- Ní cheadaítear an t-achomharc agus dearbhaítear an cinneadh, ach ag féachaint do na cúinsí, déantar cinneadh an táille a aisíoc go hiomlán nó i bpáirt.

Áit a gcinntear go gceadaítear an t-achomharc, nó nach gceadaítear an t-achomharc ach go gcinntear an táille ábhartha a aisíoc go hiomlán nó i bpáirt, ní mór don rialaitheoir páirceála an aisíocaíocht chuí a dhéanamh leis an achomharcóir nó an duine a d'íoc an táille, de réir mar is cuí. Ní mór an íocaíocht sin a dhéanamh ag an am céanna go seoltar an fógra faoi thoradh an achomhairc chuig an achomharcóir.

Áit a gcinntear go gceadaítear an t-achomharc nó nach gceadaítear an t-achomharc ach go gcinntear aisíocaíocht pháirteach a dhéanamh, ní mór don rialaitheoir páirceála eolas leordhóthanach a áireamh faoi conas is féidir achomharc a dhéanamh i gcoinne an ábhair don Oifigeach Achomhairc Teanntála san fhógra scríofa chuig an achomharcóir faoin gcinneadh achomhairc.

3.4 Taifid

Ní mór don rialaitheoir páirceála gach taifead a choimeád a bhaineann le hachomhairc arna bhfáil ag an rialaitheoir páirceála (achomhairc 1^{ú} céime) ar feadh tréimhse nach lú ná 3 bliana ón dáta ar a ndearnadh cinneadh faoin achomharc. Féadfar na taifid sin a choimeád i bhfoirm leictreonach amháin.

4. Achomhairc don Oifigeach Achomhairc Teanntála (Achomhairc 2ú Céime)

4.1 Réamhrá

Féadfaidh duine atá míshásta le toradh an achomhairc do rialaitheoir páirceála achomharc eile a dhéanamh don Oifigeach Achomhairc Teanntála tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis cinneadh an rialaitheoir páirceála a fháil. Sannadh an tOifigeach Achomhairc Teanntála ag an NTA chun gach achomharc teanntála agus aistrithe 2ú céime a scrúdú agus cinneadh a dhéanamh fúthu go neamhspleách.

Comhlíonann an tOifigeach Achomhairc Teanntála a fheidhmeanna go hiomlán neamhspleách ón rialaitheoir páirceála agus ón NTA agus treoraítear a chuid cinntí agus orduithe ag oibleagáidí reachtúla na bpáirtithe atá i gceist agus ag na prionsabail neamhchlaontacht, ceart agus cóir agus cur chuige comhsheasmhach.

Ní fhéadfaidh an tOifigeach Achomhairc Teanntála plé ach le hachomharc a bhfuil cinneadh déanta ina leith cheana ag rialaitheoir páirceála. Ceanglaítear ar rialaitheoir páirceála glacadh le cinneadh an Oifigeach Achomhairc Pleanála i ngach cás.

4.2 Achomharc Dara Céime a dhéanamh don Oifigeach Achomhairc Teanntála

Ní mór achomharc dara-céime a dhéanamh tríd **an Fhoirm um Achomharc don Oifigeach Achomhairc Teanntála a chomhlánú (i nGaeilge nó i mBéarla);** tá an fhoirm sin ar fáil ar láithreán gréasáin an NTA: www.nationaltransport.ie. Ba cheart an fhoirm chomhlánaithe agus shínithe[1], i dteannta le haon cháipéisí tacaíochta, a fhilleadh tríd an bpost chuig:

An Rannán um Rialáil Teanntála,
An tÚdarás Náisiúnta Iompair,
1ú Urlár,
Dún Scéine,
Lána Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.
nó féadfar é a sheoladh trí ríomhphost chuig:

clamping@nationaltransport.ie

Ní mór go bhfaigheadh an NTA an fhoirm chomhlánaithe agus shínithe laistigh de 30 lá ón dáta ar a bhfuair an tiománaí litir chinnidh an rialaitheoir páirceála i leith an achomharc céad chéime.

[1] Tabhair faoi deara go dteastaíonn bunsíniú.

Ba cheart don achomharcóir cinntiú gur féidir an t-achomharc scríofa a léamh, a thuiscint go hiomlán agus go n-áirítear leis gach ní atá ábhartha don achomharc. Ba cheart don achomharcóir na cáipéisí go léir a sholáthar a bhaineann leis an achomharc céad chéime agus an Fhoirm Achomhairc chomhlánaithe á leagan isteach chuig an Oifigeach Achomhairc Teanntála acu, lena n-áirítear **an litir chinnidh arna fáil ón rialaitheoir páirceála**. Féadfaidh an t-achomharcóir freisin ráitis fhinné a áireamh chomh maith le grianghraif, taifeadtaí físeáin, ticéid nó fáltais pháirceála, teastas dochtúra, léarscáileanna, pleananna etc. in éineacht leis an achomharc. **Níor cheart don achomharcóir ach cóipeanna de na cáipéisí sin a chur isteach mar ní fhillfear na cáipéisí.** Ní mór don achomharcóir gach buncháipéis a choimeád.

Agus eolas tacaíochta á chur faoi bhráid an clamping@nationaltransport.ie, ní mór don achomharcóir tabhairt faoi deara nach nglacfar ach leis na formáidí comhaid seo a leanas: JPEG, GIF, ING, IMG, MP3, MP4 & MOV. Féadfar meáin soghluaiste a éascú freisin faoi réir beart cuí in aghaidh víreas. Ba cheart tabhairt faoi deara go ndiúltóidh an freastalaí ríomhphoist go huathoibríoch don fhreastalaí ríomhphoist NTA do ríomhphoist a chuimsíonn comhaid i bhformáidí EXE, DLL nó MSI. Diúltóidh an freastalaí NTA freisin do ríomhphoist a bhfuil ríomhphoist eile iontu.

Iarrtar ar an achomharcóir déanamh cinnte go mbíonn comhaid ceangailte le ríomhphoist seachas bheith cumhdaithe iontu. Moltar don achomharcóir freisin gurb é an t-uasmhéid comhaid gur féidir leis an NTA glacadh leis in aon ríomhphost amháin ná 35mb (i.e. ní féidir le méid iomlán an ríomhphoist agus aon chomhaid atá ceangailte leis, bheith níos mó ná 35MB).

Ní ghlacann an NTA le freagracht ar bith áit nach bhfaightear achomhairc dara céime a leagtar isteach ach nach gcloíonn leis na treoirlínte thuas.

Féachfaidh an Rannán um Rialáil Teanntála chuig admháil fhoirmiúil go bhfuarthas an t-achomharc a eisiúint chuig an achomharcóir laistigh de 5 lá ó é a fháil. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag líon na n-achomharc arna leagan isteach ar an amfhráma sin, áfach.

4.3 An Próiseas Achomhairc Dara Céime

Déileálfar faoi rún leis an achomharc ag an Oifigeach Achomhairc Teanntála, agus déanfar é a mheas go hoibiachtúil acu agus gan aird a bheith acu ar chinneadh an rialaitheoir páirceála i leith an ábhair. Scrúdóidh an tOifigeach Achomhairc Teanntála go hiomlán na saincheisteanna agus na cáipéisí ábhartha go léir arna gcur ar fáil ag an duine a dhéanann an t-achomharc (lena n-áirítear aighneachtaí arna ndéanamh ag an achomharc 1^{ú} céime) agus áit a measann sé gur gá déanfaidh sé cigireachtaí láithreáin agus/nó agallaimh leis na baill foirne a rinne an teanntáil nó an t-aistriú.

Féadfaidh an tOifigeach Achomhairc Teanntála eolas nó fianaise bhreise a iarraidh ón achomharcóir chun tacú le héilimh shonracha, mar shampla litir ó dhochtúir, chlinic nó ospidéal, cóip de chead um páirceáil do dhaoine faoi mhíchumas nó litir ó gharáiste. Féadfar an t-eolas nó an fhaisnéis bhreise sin a iarraidh ag an Oifigeach Achomhairc Teanntála nó thar a cheann agus sonrófar tréimhse réasúnta gur cheart é sin a leagan isteach laistigh di.

Féadfar faisnéis nó cáipéisí ábhartha breise a iarraidh ón rialaitheoir páirceála, agus arís eile, ní mór í a sholáthar laistigh d'amfhráma réasúnta agus sonraithe.

Féadfaidh an tOifigeach Achomhairc Teanntála, dá rogha féin go hiomlán, cinneadh agallamh a chur ar an achomharcóir, na finnéithe nó ar ionadaithe ar an rialaitheoir páirceála nó an t-oibreoir teanntála, nó féadfaidh sé a mheas nach gá sin. Ní bheidh aon dualgas ar an Oifigeach Achomhairc Teanntála éisteacht phearsanta a thabhairt i gcás ar bith.

Má mhainníonn aon pháirtí cloí le hiarratais réasúnta arna ndéanamh ag, nó thar ceann, an tOifigeach Achomhairc Teanntála, féadfaidh sin tionchar diúltach a imirt ar bhreithniú an achomhairc maidir leis an bpáirtí sin agus/nó moill a chur le déanamh cinnidh.

Féadfaidh an tOifigeach Achomhairc Teanntála agus achomhairc á meas aige, féachaint d'aon eachtraí achomhairc roimhe sin maidir leis an ionad áirithe, an rialaitheoir páirceála áirithe, an t-oibreoir teanntála nó an t-achomharcóir áirithe nó ábhair eile den sórt sin, má mheasann sé go mbaineann siad leis an achomharc atá á bhreithniú.

Mar a sonraíodh cheana, féadfar cinneadh a dhéanamh i leith achomhairc ag aon Oifigeach Achomhairc Teanntála amháin nó ag beirt Oifigeach Achomhairc Teanntála nó níos mó.

4.4 Cinneadh faoi Achomharc

Tar éis an t-achomharc a fháil chomh maith le haon eolas agus/nó cáipéisí a iarradh, déanfaidh an tOifigeach Achomhairc Teanntála an t-ábhar a bhreithniú agus déanfaidh siad an cinneadh. Sa chinneadh pléifear leis na bunúis substainteacha leis an achomharc agus eiseofar é, ag nó thar ceann an Oifigeach Achomhairc Pleanála, i scríbhinn[2] chuig an achomharcóir agus an rialaitheoir laistigh de 42 lá ó:

- glacadh leis an achomharc; nó
- glacadh le heolas/cáipéisí breise a iarradh; nó
- dul in éag na tréimhse um ghlacadh le heolas/cáipéisí breise a iarradh,

cibé acu is déanaí.

Féadfaidh an tOifigeach Achomhairc Pleanála ceann amháin de na cinntí seo a leanas a dhéanamh –

- Ceadaítear an t-achomharc agus aisghairtear an cinneadh an fheithicil a theanntáil nó a aistriú;
- Ní cheadaítear an t-achomharc agus deimhnítear an cinneadh; nó
- Ní cheadaítear an t-achomharc agus deimhnítear an cinneadh, ach ag féachaint do na cúinsí, moltar an táille ábhartha a aisíoc go hiomlán nó i bpáirt.

Féadfaidh an tOifigeach Achomhairc Pleanála ordú a dhéanamh maidir le costais a mheasann sé a bheith cuí ar na cúinsí.

[2] I gcrua-chóip nó i bhfoirm leictreonach.

Áit a gcinntear go gceadaítear an t-achomharc, nó nach gceadaítear an t-achomharc ach go moltar an táille ábhartha a aisíoc go hiomlán nó i bpáirt, ní mór don rialaitheoir páirceála an aisíocaíocht chuí a dhéanamh leis an achomharcóir tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis go ndearnadh an cinneadh agus ní fhéadfar aon táille riaracháin nó déaduchtú eile a chur I bhfeidhm ar an méid arna aisíoc.

Áit a ndearnadh ordú maidir le costais, ní mór don pháirtí nó do na páirtithe ábhartha cloí leis an ordú sin tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis go ndearnadh an cinneadh sin nó cibé tréimhse eile a d'fhéadfadh an tOifigeach Achomhairc Teanntála a leagan amach san ordú.

Ní fhéadfaidh an tOifigeach Achomhairc Teanntála éisteacht le hachomharc teanntála nó aistrithe áit gur tionscnaíodh imeachtaí cúirte i gcomhair páirceála neamhdhleathaí go dtí go mbeidh na himeachtaí tarraingthe siar nó tugtha chun críche. Má éistear leis na himeachtaí sin ach má chaitear amach iad nó mura n-éiríonn leo, ní mór an táille ábhartha a aisíoc.

Is cinneadh deireadh a bheidh i gceist le cinneadh an Oifigeach Achomhairc Teanntála i gcás achomhairc agus ní bheidh aon bhealach achomhairc eile ar fáil faoin Nós Imeachta seo. Tar éis go bhfógrófar an cinneadh, ní bheidh tuileadh comhfhreagrais ag an NTA le ceachtar páirtí san ábhar. Ní chuireann an cinneadh cosc ar aon pháirtí, áfach, ó chearta reachtúla a chleachtadh agus rochtain a fháil ar an gcóras cúirteanna.

4.5 Taifid

Coimeádfaidh an NTA gach taifead a bhaineann le hachomhairc 2^{ú} céime arna bhfáil ar feadh tréimhse nach lú ná 3 bliana ón dáta ar a ndearnadh cinneadh faoin achomharc. Féadfar na taifid sin a choimeád i bhfoirm leictreonach amháin.